
# An Nollaig Seo Caite




Bhí áthas an domhain ar na páistí nuair a fuair siad na laethanta saoire. Bhí **ceolchoirm** sa scoil an lá sin agus bhí gach éinne ag canadh. An lá ina dhiaidh sin chabhraigh na páistí le Mamaí. Rinne siad an teach **a mhaisiú.** Chuir Úna **cuileann** taobh thiar de na pictiúir. **Chroch** Liam **balúin** ón tsíleáil. Ansin rinne Mamaí **cáca Nollag.** Chuir Daidí agus Liam an **crann Nollag** sa seomra suite. Chuir siad **soilse daite** air. **Shocraigh** siad mainséar sa seomra suite freisin. Las Daidí **coinneal na Nollag** agus chuir sé san fhuinneog í. Chuir Nuala na **cártaí Nollag** ar an matal. Oíche Nollag chuir siad na bronntanais faoin gcrann Nollag.

**Foclóir:**
**ceolchoirm,** concert
**cuileann,** holly
**soilse daite,** coloured lights
**matal,** mantelpiece

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cén fáth a raibh áthas an domhain ar na páistí?
   — mar thug an máistir milseáin dóibh.
   — mar chuaigh siad cois farraige.
   — mar fuair siad na laethanta saoire.
2. Cad a chuir Úna taobh thiar de na pictiúir?
   — airgead.
   — seacláid.
   — cuileann.
3. Céard a chuir siad ar an gcrann Nollag?
   — an mainséar.
   — San Nioclás.
   — soilse daite.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Bhí — sa scoil an lá sin.
2. Rinne siad an teach a — .
3. Ansin rinne Mamaí — — .
4. Las Daidí — na Nollag.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
laethanta saoire, cáca Nollag, soilse daite, mainséar, cártaí Nollag, crann Nollag, chroch sé, bronntanais.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a bhí ar na páistí nuair a fuair siad na laethanta saoire?
2. Conas a rinne siad an teach a mhaisiú?
3. Cár chuir Úna an cuileann?
4. Cad a chroch Liam ón tsíleáil?
5. Cár chuir siad an crann Nollag?
6. Cad a rinne Daidí le coinneal na Nollag?
7. Cad a chuir Nuala ar an matal?
8. Cén oíche a chuir siad na bronntanais faoin gcrann Nollag?

**Gramadach 14**

1. Rinne siad **an teach a mhaisiú.**
   (ith/an dinnéar, scríobh/an litir, glan/an clár dubh, ól/an bainne.)
2. Bhí áthas an domhain **ar na páistí.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)